# AR MHAITHE LIOMSA, AR MHAITHE LEATSA!

Curaclam i gcomhair na bPobalscoileanna Náisiúnta



# CLÁR NA NÁBHAR


| | |
|---|---|
| Buneolas | 4 |
| Samhail na bPobalscoileanna Náisiúnta | 5 |
| An Curaclam Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa! | 6 |
| Fís agus Aidhmeanna an Churaclaim MLML | 7 |
| An Bhunchloch atá faoi MLML | 8 |
| An Curaclam MLML | 10 |
| Snáitheanna MLML | 11 |
| MLML a Phleanáil, a Mhúineadh agus a Mheasúnú | 29 |
| Modheolaíochtaí | 32 |
| Tuismitheoirí, Múinteoirí, an Pobal agus Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa! | 35 |
| Gluais | 36 |
| Tagairtí | 42 |

# Buneolas

**Bunaíodh na Pobalscoileanna Náisiúnta mar shamhail nua don oideachas il-sainchreidmheach d'Éirinn san 21ú haois. Is é Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa! (MLML) curaclam an phátrúin i gcomhair na bPobalscoileanna Náisiúnta.**

Is curaclam oideachais atá dírithe ar chreidimh éagsúla agus ar luachanna é Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa! Trí mheán creat ildisciplíneach, cuireann sé ar a gcumas do pháistí tabhairt faoin oideachas féiniúlachta agus an oideachas ar bhonn luachanna, faoin bhfealsúnacht agus faoin oideachas reiligiúnach il-sainchreidmheach. Cuireann MLML le forbairt iomlánaíoch an pháiste agus ar an gcaoi sin tá sé ina aidhm leis a chur ar a gcumas do na páistí barr a gcumais féin a bhaint amach mar dhaoine ar leith.

Ar dtús, cuirtear i láthair sa doiciméad seo samhail na bPobalscoileanna Náisiúnta agus curaclam MLML. Déantar cur síos ansin ar fhís agus aidhmeanna an churaclaim. Ina dhiaidh sin, cuirtear i láthair na snáitheanna, na gnéithe agus na torthaí foghlama de chuid MLML. Cuirtear i láthair na



# Samhail na bPobalscoileanna Náisiúnta

Ba sa bhliain 2008 a bunaíodh an chéad Phobalscoil Náisiúnta (PSN). Is scoileanna stáit il-sainchreidmheacha iad na scoileanna sin, atá faoi phátrúnacht na mBord Oideachais agus Oiliúna. Bíonn na scoileanna sin ag iarraidh bunoideachas ardchaighdeáin a sholáthar do gach páiste de réir phrionsabail Curaclam na Bunscoile (ROS, 1999). Bhí bunú shamhail na bPobalscoileanna Náisiúnta ina chuid den fhreagra a thug Stát na hÉireann ar an éileamh ar éagsúlacht maidir le roghanna scoile sa chóras oideachais, éileamh atá ag dul i méid. Sa tsamhail seo, is é an t-aitheantas céanna a thugtar do gach páiste, is é an meas céanna atá orthu, agus is é an ceiliúradh céanna a dhéantar ar a bhféiniúlacht. Tá sé ina aidhm ag na Pobalscoileanna Náisiúnta cur chuige iomlánaíoch a chothú maidir le hoideachas, agus gach gné den pháiste á forbairt—ó thaobh na hintleachta, an choirp, an chultúir, na moráltachta agus na spioradáltachta. Spreagtar na páistí agus tugtar tacaíocht dóibh chun an tairbhe is mó is féidir a bhaint as a saol trína gcuid idirghníomhaíochtaí lena dteaghlach, lena bpobal agus leis an scoil.

Is é an beartas is bonn le samhail na bPobalscoileanna Náisiúnta ná meas a léiriú ar an éagsúlacht, í a cheiliúradh agus aitheantas a thabhairt di i ngach réimse de shaol an duine. Bíonn na scoileanna ag iarraidh páistí a spreagadh sa chaoi is gur cúis bhróid dóibh a gcuid éagsúlachtaí agus go gcreidfidh siad go mbíonn sé ina thoradh ar an éagsúlacht, ach meas a bheith uirthi agus ar a fiúntas, go dtugtar neart agus beocht do phobal na scoile agus don mhórphobal ina bhfuil cónaí orthu. Tá ceithre ghné is bun le samhail na bPobalscoileanna Náisiúnta (féach Fíor 1 thíos) agus atá ina mbunchloch ag sainspiorad na scoileanna sin: sármhaitheas san oideachas, a bheith bunaithe ar chomhionannas, a bheith il-sainchreidmheach agus a bheith dírithe ar an bpobal. Tacaítear sa churaclam MLML le sainspiorad na bPobalscoileanna Náisiúnta.

Fíor 1. Na gnéithe is bun le samhail na bpobalscoileanna náisiúnta



# An Curaclam Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa!

Is curaclam é MLML atá bunaithe ar phróiseas; curaclam a ndéantar forbairt air de réir mar a thagann na scoileanna féin chun cinn. Tá an ceangal idir MLML agus na Pobalscoileanna Náisiúnta ina ghné fhíor-riachtanach den phróiseas faoina ndéantar forbairt ar an gcuraclam. Forbraíodh an curaclam i gcomhréir le samhail forbartha chomhoibríoch, samhail údarach ina mbíonn páirt lárnach ag guthanna na múinteoirí, in éineacht le guthanna na bpáistí agus na dtuismitheoirí.

Cuireadh bonn eolais faoin bhforbairt trí bheith rannpháirteach i nGrúpa Líonra Scoileanna MLML, grúpa ina mbíonn múinteoir amháin ag déanamh ionadaíocht thar ceann gach pobalscoile náisiúnta. D'fhág an ról ceannaireachta a bhí ag Grúpa Líonra Scoileanna MLML gur féachadh chuige gur forbraíodh an curaclam sa chaoi is go bhfuil sé ag freastal ar na riachtanais atá ag pobal na scoile. Braitheadh gur nasc riachtanach atá ansin ó thaobh curaclam a fhorbairt lena gcuirtear ar a gcumas do na scoileanna a sainspiorad féin a chur in iúl go seasta críochnúil. Bhí Foireann Tionscadal MLML ag obair i ndlúthpháirt le Fóram Phríomhoidí na bPobalscoileanna Náisiúnta, leis na Boird Oideachais agus Oiliúna, le Bord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann agus le Coiste Stiúrtha na bPobalscoileanna Náisiúnta1, ar a bhfuil oifigigh ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ó na Boird Oideachais agus Oiliúna agus ó Bhord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann.

Féachadh chuige sa phróiseas faoinar forbraíodh curaclam MLML go ndeachthas i gcomhairle go forleathan leis na páirtithe leasmhara a mbíonn baint acu leis na Pobalscoileanna Náisiúnta. Bhí a gcuid tuairimí agus barúlacha ina gcuid lárnach d'fhorbairt an churaclaim agus leanfar ar aghaidh ag baint leas astu chun forbairt bhreise a dhéanamh ar MLML amach anseo. Léirítear i bhFíor 2 struchtúir forbartha MLML.

Fíor 2. Forléargas ar na struchtúir forbartha don churaclam MLML




[1] Ar Choiste Stiúrtha na bPobalscoileanna Náisiúnta, tá ionadaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna áitiúla agus ó Bhord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann. Tagann an Coiste Stiúrtha le chéile go rialta chun breithniú a dhéanamh ar fhorbairt an churaclaim Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa!

# Fís agus Aidhmeanna an Churaclaim MLML

Baineann tábhacht leis an gcuraclam MLML i dtaobh a chur ar a gcumas do na páistí go léir barr maitheasa a bhaint as an saol agus a bhféiniúlacht agus a n-áit ar domhan á n-iniúchadh acu. Cuireann an curaclam ar a gcumas do pháistí a bheith ina saoránaigh ghníomhacha i bpobal a gceantair féin agus i bpobal an domhain, smaoineamh go criticiúil agus go samhlaíoch faoin saol thart timpeall orthu, a gcreideamh agus a gcuid luachanna a chomhroinnt, agus eolas a chur ar an gcreideamh agus na luachanna atá ag daoine eile i dtimpeallacht foghlama ina bhfuil béim ar fhiosrú agus ar mheas. Ach an taithí sin a chomhroinnt, bíonn sé ar chumas an pháiste maireachtáil in atmaisféar ina léirítear meas agus tuiscint ar an éagsúlacht.

Aithníonn MLML tuismitheoirí mar na daoine príomha a chuireann oideachas ar a gcuid páistí. Tacaíonn sé leis an ról sin trína spreagadh go mbunófar pobal foghlama ina bhfuil tréithe an mheasa agus na cuimsitheachta i réim, ina mbíonn meas ar chreideamh agus luachanna na bpáistí agus ina spreagtar na tuismitheoirí chun bheith páirteach sa phobal sin agus ina léirítear meas ar an ról sin atá acu.

Aithnítear sa churaclam an tábhacht a bhaineann leis an bpobal i saol an pháiste agus spreagtar na páistí chun bheith páirteach ina bpobal féin. Samhlaítear freisin go mbeadh ról gníomhach dearfach ag an bpobal maidir le hoideachas a chur ar an bpáiste, trí dhlúthchaidreamh a bheith idir muintir an phobail agus an scoil.

Tá sé ina aidhm ag an gcuraclam Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa! a chur ar a gcumas do pháistí an méid seo a leanas a fhorbairt:

- Tuiscint láidir dhearfach ar a bhféiniúlacht féin agus ar fhéiniúlacht an ghrúpa, chomh maith le meon an mhuintearais, agus meas agus tuiscint a bheith acu ar fhéiniúlacht daoine eile agus ar mheon an mhuintearais atá acu siúd.

- Tuiscint ar a gcuid luachanna féin agus ar na luachanna atá ag daoine eile, trínar féidir leo iad féin a fhorbairt mar dhuine aonair agus mar dhuine den tsochaí agus cion a dhéanamh ar mhaithe leis an tsochaí.

- A bhfolláine shíceolaíoch agus mhothúchánach agus dearcadh dearfach ar an saol, trí smaointeoireacht atá criticiúil, cruthaitheach, comhoibríoch agus lách, agus trí pháirt a ghlacadh i bhfiosrú fealsúnach, in idirphlé agus i machnamh.

- Tuiscint ar éagsúlacht na gcreideamh is bonn leis an gcaoi a maireann siad féin agus leis an gcaoi a maireann daoine eile, agus meas agus tuiscint a bheith acu ar an gceart atá ag daoine a gcreideamh féin a chur in iúl.

# An Bhunchloch atá faoi MLML

Is curaclam il-sainchreidmheach atá bunaithe ar luachanna é MLML, agus is curaclam ildisciplíneach é. Ar fud an churaclaim, glactar cur chuige iolraíoch chun féachaint chuige gur fearr an tuiscint a bheidh ag na páistí ar a bhféiniúlacht agus ar an meon muintearais atá acu ina saol. Tugtar le chéile sa churaclam an teagasc foirmitheach a dhéantar san oideachas ar bhonn luachanna agus cur chuige tógachaíoch na fealsúnachta, leis na páistí agus dóibh, agus an teagasc ar bhonn idirphlé, cur chuige taiscéalaíoch a mbítear ag gabháil dó san oideachas reiligiúnach il-sainchreidmheach. Leagtar amach i bhFíor 3 cuid de na modhanna agus na cleachtais teagaisc is bonn le MLML.



Fíor 3. Samplaí de na modhanna agus na cleachtais teagaisc a úsáidtear chun an curaclam MLML a mhúineadh

| | |
|---|---|
| Fealsúnacht do pháistí / Fealsúnacht le páistí<br>(Matthew Lipman/Philomena Donnelly) | Oideachas carachtair agus oideachas eitice<br>(Alasdair MacIntyre/Carol Gilligan/Nel Noddings) |
| Idirphlé i measc creidimh éagsúla san oideachas reiligiúnach<br>(Julia Ipgrave) | Oideachas féiniúlachta<br>(Erik Erikson/ Elli Schachter & Yisrael Rich) |
| Cineálacha cur chuige tógachaíocha<br>(Lev Vygotsky/Jerome Bruner) | Cineálacha cur chuige atá bunaithe ar fhiosrú nó ar fhadhbanna a shainiú<br>(John Dewey/Paulo Freire) |
| Cur chuige ar bhonn idirphlé i dtaobh an Oideachais Reiligiúnaigh<br>( Robert Jackson) | Treoirphrionsabail Toledo maidir le teagasc faoi reiligiúin agus faoin gcreideamh i scoileanna poiblí<br>(Office for Democratic Institutions and Human Rights) |
| Samhlaíocht/drámaíocht agus feasacht aeistéitiúil na bpáistí<br>(Kieran Egan/Augusto Boal) | Smaointeoireacht chriticiúil agus caint faoi leabhair<br>(Mary Roche) |

# An Curaclam MLML

Baintear leas sa churaclam MLML as snáitheanna, gnéithe agus torthaí foghlama. In MLML, is ionann snáitheanna agus na príomhréimsí foghlama a gcuirtear síos orthu sa churaclam, agus is leis na gnéithe a dhéantar cur síos ar an bhfoghlaim bhunriachtanach laistigh de gach snáithe. Déantar cur síos leis na torthaí foghlama ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a bhítear ag súil a bheidh déanta ag na páistí ag deireadh tréimhse dhá bhliain.

Ní réimsí foghlama ar leithligh iad na snáitheanna a bhfuil cur síos orthu sa churaclam MLML, toisc go bhfuil siad ag forluí ar a chéile agus go mbíonn idirghníomhú eatarthu ionas gur eispéireas foghlama iomlánaíoch a bheidh ag an bpáiste. Tá ceithre shnáithe leagtha amach i bhFíor 4 thíos.

Fíor 4. Snáitheanna an churaclaim MLML do na pobalscoileanna náisiúnta



# Snáitheanna MLML

## Mo chuid Scéalta Féin

Faoin snáithe 'Mo chuid scéalta féin', tagann na páistí ar thuiscint dhearfach ar cé hiad féin, agus cothaítear an meon go bhfuil meas orthu mar dhuine de theaghlach, den scoil agus de phobal. Ón uair a thagann siad ar an saol, bíonn páistí á bhforbairt féin go gníomhach agus é á shainiú acu cé hiad féin. Tá ról lárnach ag an gcaidreamh le daoine muinteartha, daoine fásta agus páistí eile, cairde agus daoine dá bpobal maidir lena bhféiniúlacht a chothú. Is iad na spriocanna agus na luachanna ar leith atá acu féin agus na roghanna a dhéanann siad féin a théann i bhfeidhm ar an tuiscint a bhíonn ag páistí ar cé hiad féin agus iad ar aistear an tsaoil. Chun meon muintearais a bheith acu, ní mór caidreamh daingean nó ceangal daingean a bheith acu le grúpa áirithe daoine. Más rud é go mbraitheann páistí gur cuid iad den teaghlach, de phobal na scoile, den ghrúpa páistí ina bhfuil siad agus dá bpobal, agus gur cúis bhróid acu an ról sin, is féidir leo a bheith ag aireachtáil slán sábháilte i dtaobh na mothúchán, is féidir leo muinín a bheith acu astu féin, agus is féidir leo a bheith in ann dul i ngleic le dúshláin agus deacrachtaí. Is bunús tábhachtach é an méid sin dá gcuid foghlama agus forbartha.

Is é is aidhm leis an snáithe seo neamhspleáchas an pháiste a chothú maidir le teacht ar thuiscint ar cé hé nó hí féin agus é nó í i mbun comhrá leis an teaghlach, le páistí eile agus leis an bpobal, ag am áirithe agus i gcomhthéacs ar leith. Tá deiseanna le tapú sa snáithe chun tabhairt faoi eispéiris nua. Téann scéalta faoi shaol agus eispéiris daoine eile i bhfeidhm ar pháistí, agus déanann siad na scéalta sin a phróiseáil agus a chomhtháthú, ar bhonn an chórais ciallaithe atá acu féin cheana. Ar an gcaoi sin, bíonn ceangal idir eolas nua agus na coincheapa féiniúlachta atá forbartha ag an bpáiste cheana.

Is tuiscint chuimsitheach a bhaintear as an bhféiniúlacht sa churaclam. Toisc gur áit tionóil í an scoil inar féidir a fháil amach cé na rudaí atá i gcoiteann ag daoine agus dul i mbun idirphlé i measc grúpaí, is féidir an tuiscint a chothú ina leith gur áit í ina bhfuil fáilte roimh gach duine, chomh maith le meas ar an gcomhionannas, ar an gcomhtháthú sóisialta agus ar an idirspleáchas. Scrúdóidh na páistí coincheap na féiniúlachta agus an mhuintearais trí bheith ag plé le gnéithe a bhaineann le 'Mo Shaol', 'An Caidreamh idir Mise agus Daoine eile' agus 'Mo chuid Spásanna agus Áiteanna Féin'. Leis na gnéithe sin, is féidir an fhéiniúlacht a scrúdú trí idirghníomhú le heachtraí saoil, tríd an idirghníomhaíocht i gcúrsaí sóisialta agus trí áiteanna a mbaineann suntas leo i saol an pháiste.

## Is pobalscoil náisiúnta muid

Is snáithe é 'Is pobalscoil náisiúnta muid' atá bunaithe ar luachanna, agus ina n-aithnítear gur cur chuige nua i leith an oideachais stáit in Éirinn é cur chuige na bPobalscoileanna Náisiúnta. Is é atá san oideachas ar bhonn luachanna ná próiseas teagaisc agus foghlama faoi na hidéil agus na noirm a leagann sochaí agus a muintir tábhacht orthu. Cé gur féidir tabhairt faoin bhfoghlaim sin ar bhealaí éagsúla, is é an aidhm bhunúsach atá léi ná go mbeidh tuiscint ag na páistí ar a gcuid luachanna féin agus go mbeidh meas acu ar na luachanna a chuirtear chun cinn ina scoil féin. Faoin snáithe seo, bíonn an deis ag na páistí féachaint ar na luachanna comhchoiteanna atá ag na Pobalscoileanna Náisiúnta agus a gcuid luachanna féin a iniúchadh.

Beidh an deis ag na páistí iniúchadh a dhéanamh ar choincheapa an chomhionannais, na féiniúlachta, na saoránachta, an daonlathais, an cheartais agus chearta an duine, agus iad a thuiscint. Sa snáithe seo, spreagtar na múinteoirí chun cur leis an meas atá ag na páistí orthu féin agus ar a chéile. Chomh maith leis sin, forbróidh siad a gcuid luachanna eitice i gcomhthéacs na scoile agus i gcomhthéacs shainspiorad forleathan na bPobalscoileanna Náisiúnta. Déantar iarracht freisin sa snáithe ceangal a dhéanamh idir sainspiorad na scoile agus an saol mór agus cuidiú leis na páistí saoránacht ghníomhach agus meas orthu féin a chothú, lena ndéantar ceangal idir an t-oideachas eitice agus oideachas polaitiúil níos ginearálta.

Moltar cur chuige sa scoil uile a ghlacadh sa snáithe seo. Is féidir leis an scoil tacú leis an gcur chuige sin trí imeachtaí i gcomhair na scoile uile agus trí 'Cairt Ceart agus Luachanna' a fhorbairt i scoileanna aonair. Sa snáithe 'Is Pobalscoil Náisiúnta muid', baintear leas as modhanna teagaisc atá bunaithe ar oideachas eitice agus ar oideachas carachtair. Aithnítear sa chur chuige déthaobhach sin nach mór cothromaíocht agus idirghníomhaíocht a bheith ann idir forbairt an pháiste aonair agus an próiseas faoina nglacfaidh siad ról sa tsochaí mar shaoránach gníomhach. Le gnéithe an tsnáithe seo—Luachanna, Meas, Pobal agus Saoránacht, agus Comhionannas, Cearta agus Freagrachtaí—léirítear an chothromaíocht sin idir an duine aonair agus leibhéil tuisceana ar an tsochaí. Ina theannta sin, is é atá i gcroílár an tsnáithe seo ná fís den pháiste iomlán, agus mar sin tugtar aghaidh leis an oideachas seo ar ghnéithe cognaíocha agus gnéithe mothachtálacha den oideachas a chuirtear ar an bpáiste.

## Am Machnaimh

Is cur chuige fealsúnach i leith an bhunoideachais é an snáithe seo, ina dtugtar le chéile modhanna agus cleachtais teagaisc faoi threoir an pháiste (fealsúnacht le páistí) agus modhanna agus cleachtais teagaisc faoi threoir an mhúinteora (fealsúnacht do pháistí). Féachtar ann le scileanna smaointeoireachta, mothúchánacha agus machnaimh na bpáistí a fhorbairt agus cur leis an tuiscint atá acu ar a gcuid smaointe féin agus ar smaointe daoine eile. Leagtar béim sa snáithe seo ar smaointeoireacht chriticiúil agus ar an bhfolláine, lena ndéantar forbairt an tráth céanna ar na gnéithe cognaíocha agus na gnéithe mothachtálacha den fhoghlaim a dhéanann na páistí. Is é cuspóir an chur chuige i dtaobh Fealsúnacht le Páistí agus Fealsúnacht do Pháistí ná tuiscint chriticiúil a fhorbairt i measc na bpáistí trí idirphlé fealsúnach. Is féidir leis an bhfealsúnacht le páistí agus do pháistí a gcumas cognaíoch a mhéadú, cur le scileanna sóisialta, tacú leis an bhfolláine agus teacht aniar a chothú i measc na bpáistí. Tá nasc láidir ann idir an snáithe seo agus an creat Aistear le haghaidh na luathbhlianta, agus ar leibhéal na n-ardranganna, is droichead é chuig an gcur chuige a ghlactar sa churaclam i leith na fealsúnachta agus na polaitíochta ar an leibhéal meánscoile.

Tá sé ina aidhm leis an snáithe 'Am machnaimh' a chur ar a gcumas do na páistí tuiscint níos doimhne a fháil ar a ndearcadh féin agus ar an gcumas atá acu dul i mbun idirphlé le páistí eile, díospóireacht a chothú agus dul i mbun argóna ar shlí a léiríonn meas ar a chéile. Anseo, tá nasc láidir idir 'Am machnaimh' agus an plé faoi chreidimh éagsúla sa snáithe 'Creideamh agus reiligiúin'. Cuireann an snáithe sin ar a gcumas do na páistí iad féin agus daoine eile a cheistiú, i gcomhthéacs sábháilte ina bhfuil meas acu ar a chéile, rud a spreagann an chruthaitheacht agus an tsamhlaíocht freisin. I gcás na múinteoirí, tá deiseanna le tapú ann chun tuairimí na bpáistí féin a mhealladh agus chun dul i bpáirt leis na páistí sa rang, rud ar féidir linn oideachas 'trína n-aithnítear fadhbanna' a thabhairt air. Tá spásanna ann freisin do mhúinteoirí chun creat níos ábhar-bhunaithe

## Creidimh agus reiligiúin

Baintear leas sa snáithe 'Creideamh agus reiligiúin' as cur chuige il-sainchreidmheach maidir leis an oideachas reiligiúnach. Féachtar leis an oideachas reiligiúnach il-sainchreidmheach le múineadh 'faoi' reiligiúin agus creidimh éagsúla, agus 'ar a mbonn'. Tabhair faoi deara gurb í an aird chéanna a thugtar sa churaclam MLML ar an teagasc faoi chreidimh atá bunaithe ar dhearcadh neamhreiligiúnach ar an saol agus ar an domhan.

Glactar cur chuige ar bhonn idirphlé in MLML maidir le teagasc 'faoi' chreidimh agus reiligiúin agus 'ar a mbonn' atá dírithe ar chomhbhá i measc lucht na gcreideamh éagsúil agus meas ar chách a chur chun cinn, cur i gcoinne na claontachta agus an leithcheala, cuidiú le comhtháthú an phobail agus feasacht a mhúscailt maidir leis an gcaoi ar féidir leis an gcomhar i measc creidimh éagsúla a bheith chun tairbhe cách.

Leis an oideachas reiligiúnach il-sainchreidmheach, cuirtear ar a gcumas do pháistí a bheith feasach ar reiligiúin agus ar chreidimh ach ní dhéantar a thathaint go nglacfaidh na páistí le haon cheann ar leith acu. Cuirtear chun cinn an staidéar ar reiligiúin agus ar chreidimh ach ní bhítear ag plé leis an gcaoi a ndéantar aon reiligiún a chleachtadh. Féadfaidh sé súile na bpáistí a oscailt d'éagsúlacht tuairimí reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha, ach ní bhrúitear aon tuairim ar leith orthu ná ní dhéantar aon iarracht áitiú ar na daltaí cloí le haon reiligiún nó creideamh ar leith ná iompú ar an reiligiún nó ar an gcreideamh sin. Ar an gcaoi sin, déantar an teagasc faoi chreidimh agus reiligiúin ar bhealach atá cóir, cruinn agus oibiachtúil, gan an bonn a bhaint as ról na dteaghlach agus na bpobal reiligiúnach nó creidimh ná neamhaird a dhéanamh dóibh maidir le creidimh a chur ar aghaidh chuig na glúnta atá le teacht.

Leis an gcur chuige sin i leith an oideachais reiligiúnaigh, féachtar le haitheantas a thabhairt don éagsúlacht atá sa rang agus sa scoil ó thaobh eispéireas, dearcthaí, tuiscintí agus smaointe. Baintear leas as eispéiris na bpáistí mar acmhainn don phlé ranga faoi reiligiúin agus creidimh. Sa chás nach bhfuil éagsúlacht reiligiún agus creidimh i gceist i scoil áirithe, tá sé ríthábhachtach tuairimí nua a thabhairt isteach sna díospóireachtaí ranga.

Is féidir an méid sin a dhéanamh trí chomhar idir scoileanna. Is gné thábhachtach den chur chuige sin é timpeallacht a spreagadh ina mbíonn na páistí sásta dul i ngleic le difríochtaí, comhroinnt le daoine eile agus foghlaim uathu. Ach páistí a bheith páirteach i 'spás sábháilte' a bhunú le haghaidh foghlaim faoi reiligiúin agus creidimh agus ceisteanna a spreagadh chun spéis a chur sna heispéiris agus na barúlacha a bhíonn ag daoine eile, beifear in ann comhráite fiúntacha a chur ar bun.




# Na Gnéithe

Tá an curaclam eagraithe ina ceithre chéim: naíonáin shóisearacha agus naíonáin shinsearacha, rang a haon agus rang a dó, rang a trí agus rang a ceathair, agus rang a cúig agus rang a sé. Tá trí nó ceithre ghné ag baint le gach snáithe lena dtugtar breac-chuntas ar an bhfoghlaim lárnach atá le déanamh, ar fud gach céime, chun aidhmeanna an churaclaim a bhaint amach.

Tá na snáitheanna fite fuaite go mór lena chéile, sa mhéid is go bhfuil sé ina aidhm le gach snáithe cur le forbairt an pháiste ina iomláine nó ina hiomláine agus go gcuidíonn an fhoghlaim i snáithe amháin leis an bhfoghlaim sna snáitheanna eile. Tá gnéithe na foghlama ar fud na gcéimeanna leagtha amach i bhFíor 5 thíos. I gcás cuid mhaith de na meonta agus na scileanna a fhorbraítear trí shnáithe amháin, is féidir iad a aistriú chuig na snáitheanna eile. Is trí fheasacht ar an gceangal atá idir na gnéithe agus ar an gceangal atá idir na snáitheanna éagsúla is féidir cuspóirí an churaclaim MLML a bhaint amach.

Fíor 5. Na gnéithe de chuid MLML



# Torthaí foghlama

Úsáidtear Torthaí Foghlama in MLML chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a bhfuiltear ag súil a bheidh déanta ag gach foghlaimeoir faoi cheann tréimhse dhá bhliain. Aithnítear sa churaclam go mbeidh tionchar ag cúinsí, eispéiris agus cumas na bpáistí féin ar an dul chun cinn a dhéanfaidh siad maidir leis na Torthaí Foghlama. Trí dhíriú ar fhoghlaimeoirí, cuidíonn na torthaí le cineálacha cur chuige cuí teagaisc a úsáid chun tacú leis na páistí agus iad ar an aistear foghlama. Rud atá ag teacht leis na prionsabail is bun le Aistear agus leis na cineálacha cur chuige teagaisc a úsáidtear ansin, baintear leas as an nath, 'Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart do pháistí a bheith in ann...' chun na Torthaí Foghlama go léir i gcéim a haon a chur i láthair.

Dírítear sna Torthaí Foghlama ar an bhfoghlaim mar phróiseas cumasaithe a chuidíonn le páistí a gcuid eolais, scileanna agus meonta a fhorbairt. Éascaíonn siad do neamhspleáchas an mhúinteora tríd an deis a thabhairt dó nó di breithiúnas gairmiúil a dhéanamh agus é nó í i mbun pleanála, i mbun teagaisc agus ag déanamh measúnú ar na páistí go léir. Cuidíonn na Torthaí Foghlama le múinteoirí a roghnú céard le múineadh agus cén t-ord is fearr chun é a mhúineadh, cur chuige cuí teagaisc a roghnú, agus féachaint cé na modhanna measúnaithe is fearr a bheidh ag teacht leis an bhfoghlaim atá beartaithe. Ach iad a chomhroinneadh le foghlaimeoirí, is féidir leis na Torthaí Foghlama tacú leo ionas gur léir dóibh cad é atá á fhoghlaim acu, go mbeidh a fhios acu cén dul chun cinn atá á dhéanamh acu agus ionas go mbeidh páirt ghníomhach acu ina gcuid foghlama féin. Tacaíonn na múinteoirí leis na páistí chun an Toradh Foghlama a bhaint amach trí eispéiris a chur ar fáil dóibh a bhaineann leis na gnéithe den toradh is fearr a oireann do riachtanais na bpáistí. Aithnítear leis na torthaí gur i gcomhthéacsanna éagsúla a bhíonn na páistí ag foghlaim agus an múinteoir ag múineadh, agus nach é an t-aistear teagaisc/foghlama céanna a bheidh i gceist i ngach comhthéacs.

# Céim a haon: naíonáin shóisearacha agus naíonáin shinsearacha

## Forléargas

Sna naíonáin shóisearacha agus sna naíonáin shinsearacha, tosóidh na páistí ag iniúchadh a bh-féiniúlachta féin trína gcuid scéalta féin. Déanfaidh siad iniúchadh ar an bhféiniúlacht agus ar an muintearas trína gcuid tréithe pearsanta féin agus trí shaintréithe eile a fhágann gur daoine ar leith iad, agus iad i mbun comhrá le daoine eile. Déanfaidh siad iniúchadh ar a gcuid luachanna agus ar na rudaí ina gcreideann siad agus tosóidh siad ag cothú scileanna ó thaobh smaointeoireacht fhealsúnach chrit-iciúil, plé measúil agus na inniúlachta sa reiligiún is gá chun páirt a ghlacadh i gcomhráite i measc daoine a bhfuil creidimh éagsúla acu. Tá naisc shoiléire le feiceáil idir na Torthaí Foghlama le haghaidh chéim a haon agus Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige. Aithnítear i gcéim a haon de MLML go dtagann go leor páistí ar scoil agus eolas curtha acu ar Aistear ina suíomh réamhscoile, agus tá sé ina aidhm leis tógáil ar an bhfoghlaim agus an taithí luachmhar a thugann na páistí leo chomh fada le seomra ranga na naíonán sóisearach.

## Snáithe: Mo chuid Scéalta Féin

| Gné | Torthaí Foghlama<br>Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart do pháistí a bheith in ann |
|---|---|
| Mo Shaol Féin | Féachaint cé na saintréithe atá acu féin, anailís a dhéanamh orthu agus a bhfiúntas a aithint. |
| An Caidreamh idir Mise agus Daoine Eile | A gcuid scéalta féin a insint agus comparáid a dhéanamh idir iad agus na scéalta atá ag daoine eile ionas go dtiocfaidh siad ar thu-iscint ar cad é a fhágann gur daoine ar leith iad féin. |
| Mo chuid Spásanna agus Áiteanna Féin | Tuiscint a fháil ar cad is baile ann agus meon muintearais a chothú i leith a mbaile féin. |

**Snáithe: Is pobalscoil náisiúnta muid**

| Gné | Torthaí Foghlama<br>Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart do pháistí a bheith in ann |
|---|---|
| Luachanna | A dtuiscint ar an méid atá ceart agus mícheart a fhorbairt agus a fhiosrú agus a bheith feasach ar an gcaoi a dtéann na rudaí a dhéanann siad féin i bhfeidhm ar dhaoine eile. |
| Meas | Meas a bheith acu ar na buanna, na hábhair spéise agus na tréithe dearfacha a fhágann gur daoine ar leith iad féin agus daoine eile, agus na buanna, na hábhair spéise agus na tréithe dearfacha sin a cheiliúradh agus a bhfiúntas a thuiscint. |
| Pobal agus Saoránacht | Tuiscint a bheith acu ar an tairbhe atá le baint as an gcairdeas agus as an bpobal ina saol féin. |
| Comhionannas, Cearta agus Freagrachtaí | Cur lena dtuiscint ar an gcothromas agus cearta páistí a iniúchadh. |

**Snáithe: Am Machnaimh**

| Gné | Torthaí Foghlama<br>Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart do pháistí a bheith in ann |
|---|---|
| Machnamh agus Ceistiú | Scileanna a fhorbairt maidir le haontú, easaontú agus ceistiú ar shlí a léiríonn meas ar dhaoine eile. |
| Mothúcháin agus Folláine | Feasacht a fhorbairt faoin tábhacht a bhaineann leis na moth-úcháin a chur in iúl ina gcás féin agus i gcás daoine eile. |
| Na Ceisteanna Móra | Smaointe agus ceisteanna samhlaíocha nua a fhorbairt, bunaithe ar eachtraí a bhfuil baint acu lena saol féin. |

**Snáithe: Creidimh agus reiligiúin**

| GNÉ | TORTHAÍ FOGHLAMA<br>Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart do pháistí a bheith in ann |
|---|---|
| Ceiliúradh | Meas a bheith acu ar ócáidí ceiliúrtha a bhaineann lena saol féin agus saol daoine eile agus tuiscint a bheith acu orthu. |
| Creidimh agus Cleachtais | Féachaint céard iad na cleachtais a bhfuil baint acu leis na rudaí ina gcreideann siad féin agus na rudaí ina gcreideann daoine eile. |
| Daoine agus Áiteanna Speisialta | Féachaint cé hiad na daoine a chabhraíonn leo ina saol agus ina bpobal agus cén fáth a bhfuil na daoine sin tábhachtach ina leith féin agus i leith daoine eile. |
| Déantáin agus Scéalta Speisialta | Féachaint céard iad na rudaí agus na déantáin ar cinn speisialta iad dóibh féin agus dá dteaghlaigh agus teacht ar thuiscint ar na rudaí a gcuireann daoine eile tábhacht orthu. |

# Céim a Dó: Rang a hAon agus Rang a Dó

## Forléargas

Tar éis dóibh iniúchadh a dhéanamh agus iad sna naíonáin shóisearacha agus sna naíonáin shinsearacha ar a gcuid tréithe féin agus ar an tuiscint atá acu ar céard is baile ann, tógfaidh na páistí ar an tuiscint sin anois trí iniúchadh a dhéanamh ar a bhféiniúlacht i gcomhthéacs an bhaile agus an phobail. Scrúdóidh siad an ról atá acu mar dhuine de theaghlach agus duine den phobal agus féachfaidh siad ar an gcaoi a mbíonn an muintearas, luachanna agus creidimh fite fuaite trína chéile. Agus iad i rang a haon agus rang a dó, leanfaidh na páistí ar aghaidh á bhforbairt féin mar smaointeoirí criticiúla agus iad ag cur leis an muinín atá acu astu féin agus an meas atá acu orthu féin. Foghlaimeoidh siad faoi bheith páirteach sa phobal áitiúil mar shaoránaigh ghníomhacha agus cuirfidh siad lena bhfeasacht ar chearta daoine eile agus leis an meas atá acu ar na cearta sin. Leanfaidh na páistí ar aghaidh ag forbairt a gcuid inniúlachta i dtaobh reiligiúin agus iad ag gabháil don churaclam, agus cothóidh siad meas, comhbhá agus tuiscint agus iad i mbun plé le daoine eile.

## Snáithe: Mo chuid Scéalta Féin

| Gné | Torthaí Foghlama<br>Ba cheart do na páistí a bheith in ann |
|---|---|
| Mo Shaol Féin | Cuid dá n-éachtaí pearsanta féin a aithint agus a chomhroinnt agus luach na n-éachtaí sin ina saol féin a aithint. |
| An Caidreamh idir Mise agus Daoine Eile | Scéalta a dteaghlaigh agus a bpobail a insint agus a luach féin a aithint mar chuid den aonad teaghlaigh agus den aonad pobail sin. |
| Mo chuid Spásanna agus Áiteanna Féin | Smaoineamh ar scéalta a insítear sa phobal, iad a phlé agus teacht ar thuiscint ar an bhfiúntas a bhaineann leo i dtaobh an chultúir. |

## Snáithe: Is pobalscoil náisiúnta muid

| Gné | Torthaí Foghlama<br>Ba cheart do na páistí a bheith in ann |
|---|---|
| Luachanna | Luachanna phobal na scoile a shainiú agus a scrúdú agus teacht ar thuiscint ar an tionchar a bhíonn ag na luachanna sin ar an rud a dhéanann siad féin. |
| Meas | Meas a bheith acu an éagsúlacht atá le sonrú i bpobal na scoile, an éagsúlacht sin a cheiliúradh agus a fiúntas a thuiscint, agus féachaint conas is féidir meas ar an éagsúlacht a chur in iúl. |
| Pobal agus Saoránacht | An ról atá acu mar shaoránaigh sa scoil agus sa phobal áitiúil a aithint agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a théann chun tairbhe na scoile agus an phobail áitiúil. |
| Comhionannas, Cearta agus Freagrachtaí | Eolas níos fearr a chur ar chearta páistí agus ar na freagrachtaí a ghabhann leis na cearta sin. |

## Snáithe: Am Machnaimh

| Gné | Torthaí Foghlama<br>Ba cheart do na páistí a bheith in ann |
|---|---|
| Machnamh agus Ceistiú | Féachaint ar chineálacha éagsúla ceisteanna, ceisteanna éagsúla a spreagadh agus freagraí féideartha a phlé. |
| Mothúcháin agus Folláine | A bheith ar an eolas faoina gcuid tréithe pearsanta maidir le féin-mheas agus féinmhuinín a chothú agus a choinneáil beo buan. |
| Na Ceisteanna Móra | Smaoineamh go samhlaíoch agus go criticiúil mar fhreagra ar scéalta, íomhánna agus cineálacha eile ábhar spreagtha. |

**Snáithe: Creidimh agus reiligiúin**

| Gné | Torthaí Foghlama<br>Ba cheart do na páistí a bheith in ann |
|---|---|
| Ceiliúradh | Teacht ar thuiscint ar dheasghnátha agus searmanais atá tábhachtach ina saol féin agus na deasghnátha agus na searmanais a bhíonn ag daoine eile a aithint agus meas a bheith acu orthu. |
| Creidimh agus Cleachtais | An difríocht idir dea-roghanna agus droch-roghanna a aithint agus féachaint ar shamplaí de chúinsí a théann i bhfeidhm ar na roghanna a dhéanann siad. |
| Daoine agus Áiteanna Speisialta | Teacht ar thuiscint ar cé na háiteanna ar cinn speisialta iad ina saol féin agus na háiteanna speisialta atá ag daoine eile a aithint agus meas a bheith acu orthu. |
| Déantáin agus Scéalta Speisialta | Teacht ar thuiscint ar cé na leabhair agus na scéalta ar cinn speisialta iad ina saol féin agus na leabhair agus na scéalta speisialta atá ag daoine eile a aithint agus meas a bheith acu orthu. |

# Céim a Trí: Rang a Trí agus a Rang a Ceathair

## Forléargas

Tar éis dóibh féachaint ar an ról atá acu ina dteaghlach féin agus sa phobal áitiúil agus iad i rang a haon agus rang a dó, tosóidh na páistí á n-iniúchadh féin i ndáil leis an mórphobal agus an pobal náisiúnta agus iad i rang a trí agus rang a ceathair. Déanfaidh siad scrúdú ar an tionchar a imríonn scéalta daoine eile, an caidreamh a bhíonn eatarthu agus na háiteanna a raibh siad iontu maidir le cruth a chur ar a bhféiniúlacht agus ar a bhfolláine. Sa chéim seo, forbróidh na páistí scileanna níos casta maidir lena dtu-airimí agus a smaointe féin a chur in iúl ar bhealach measúil agus iad ag plé le finscéalta fealsúnacha agus le smaointe de chuid daoine eile. Tosóidh siad á bhforbairt féin mar shaoránach gníomhach i sochaí an domhain agus cuirfidh siad chun cinn an comhionannas agus cearta daoine eile. An inniúlacht i dtaobh reiligiúin a forbraíodh ar leibhéal na bunscoile sóisearaí, cuirfidh sí bonn eolais faoi staidéar níos doimhne a dhéanamh ar reiligiúin eile agus tabharfaidh sí an deis do na páistí dul i mbun comhráite le daoine a leanann reiligiúin eile.

## Snáithe: Mo chuid Scéalta Féin

| Gné | Torthaí Foghlama<br>Ba cheart do na páistí a bheith in ann |
|---|---|
| Mo Shaol Féin | Plé a dhéanamh faoi chuid de na clocha míle agus na heachtraí móra i saol a dteaghlaigh agus a bpobail féin agus tionchar na n-eachtraí sin a mheas. |
| An Caidreamh idir Mise agus Daoine Eile | Éisteacht leis na scéalta pearsanta atá le hinsint ag daoine mór-thionchair, iad a phlé agus féachaint cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na scéalta sin orthu féin. |
| Mo chuid Spásanna agus Áiteanna Féin | Smaoineamh ar scéalta atá cloiste acu a thagann ó thraidisiún scéalaíochta na hÉireann, iad a phlé agus teacht ar thuiscint ar an bhfiúntas a bhaineann leo i dtaobh an chultúir. |

## Snáithe: Is pobalscoil náisiúnta muid

| Gné | Torthaí Foghlama<br>Ba cheart do na páistí a bheith in ann |
|---|---|
| Luachanna | Roinnt de na luachanna atá ag stát na hÉireann a shainiú agus anailís a dhéanamh orthu, agus féachaint cén tionchar a bhíonn ag na luachanna sin ar shochaí na hÉireann. |
| Meas | Meas a bheith acu ar éagsúlacht an phobail áitiúil agus an éagsúlacht sin a cheiliúradh agus a fiúntas a thuiscint, agus teacht ar bhealaí praiticiúla chun meas a léiriú ar an éagsúlacht sa phobal áitiúil. |
| Pobal agus Saoránacht | An ról atá acu mar shaoránach de chuid na tíre a mheas agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a théann chun tairbhe an phobail áitiúil. |
| Comhionannas, Cearta agus Freagrachtaí | Cur lena dtuiscint ar an gcomhionannas agus ar chearta an duine ar domhan agus ar na freagrachtaí a ghabhann leis na cearta sin. |

## Snáithe: Am Machnaimh

| Gné | Torthaí Foghlama<br>Ba cheart do na páistí a bheith in ann |
|---|---|
| Machnamh agus Ceistiú | Freagra measúil a thabhairt ar dhearcthaí eile agus a bhfreagraí a mhíniú trí réasúnaíocht loighciúil agus díospóireacht a úsáid. |
| Mothúcháin agus Folláine | Tuiscint a bheith acu ar a bhfolláine agus féachaint ar thréithe pearsanta a théann i bhfeidhm ar a bhfolláine. |
| Na Ceisteanna Móra | Smaoineamh go criticiúil agus go samhlaíoch mar fhreagra ar cheisteanna, ar dhíospóireachtaí agus ar smaointe a fheiceann siad i bhfinscéalta agus scéalta fealsúnacha. |

## Snáithe: Creidimh agus reiligiúin

| Gné | Torthaí Foghlama<br>Ba cheart do na páistí a bheith in ann |
|---|---|
| Ceiliúradh | Tuiscint a léiriú ar aistir a leagann siad tábhacht orthu, agus aistir speisialta a bhaineann le traidisiúin chreidimh éagsúla a aithin agus meas agus tuiscint a bheith acu orthu. |
| Creidimh agus Cleachtais | Tuiscint agus meas a léiriú ar an gceangal atá ann idir creidimh éagsúla agus roghanna ó thaobh nósanna maireachtála agus féachaint conas a théann an méid ina gcreideann siad féin i bhfeidhm ar na roghanna a dhéanann siad ó thaobh nósanna maireachtála. |
| Daoine agus Áiteanna Speisialta | Tuiscint agus meas a léiriú ar na daoine speisialta a bhaineann le traidisiúin chreidimh éagsúla agus teacht ar thuiscint ar na daoine speisialta ina saol féin. |
| Déantáin agus Scéalta Speisialta | Féachaint cé na déantáin a mbaineann suntas leo ina saol féin, iad a phlé, agus tuiscint agus meas a léiriú ar na déantáin reiligiúnacha a bhaineann le traidisiúin chreidimh éagsúla. |

# CÉIM A CEATHAIR: RANG A CÚIG AGUS RANG A SÉ

## Forléargas

I rang a cúig agus rang a sé, déanfaidh na páistí iad féin a iniúchadh i ndáil leis an domhan mór. Spreagfar iad chun smaoineamh ar chúrsaí domhanda agus conas is féidir le heachtraí domhanda dul i bhfeidhm ar a bhféiniúlacht agus ar an meon muintearais atá acu i measc phobal an domhain, agus ar a bhfolláine. Iarrtar orthu féachaint orthu féin mar a bheidh siad san am tá le teacht agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh a gcuid idirghníomhaíochtaí le heachtraí agus daoine idirnáisiúnta dul i bhfeidhm orthu. Leis an rannpháirtíocht le traidisiún na fealsúnachta clasaicí, leanfar ar aghaidh ag cur leis na scileanna atá acu i dtaobh smaointeoireacht chriticiúil. Forbróidh na páistí inniúlacht reiligiúnach níos fearr agus iad ag iniúchadh na dtraidisiún reiligiúnach a bhíonn ag daoine eile. Leanfaidh siad ar aghaidh ag cur lena gcuid scileanna maidir le comhrá measúil a dhéanamh agus iad ag foghlaim faoi na rudaí a gcreideann siad féin agus daoine eile iontu, agus uaidh na rudaí sin.

## Snáithe: Mo chuid Scéalta Féin

| GNÉ | TORTHAÍ FOGHLAMA<br>Ba cheart do na páistí a bheith in ann |
|---|---|
| Mo Shaol Féin | Cur síos a dhéanamh ar scéalta faoi eachtraí idirnáisiúnta, iad a phlé agus scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag na heachtraí sin ar shaol na ndaoine sna limistéir sin. |
| An Caidreamh idir Mise agus Daoine Eile | Scéal a scríobh ina samhlóidh siad iad féin mar a bheidh siad san am atá le teacht agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcaidreamh idir iad féin agus daoine eile lenar spreagadh an saol sin atá á shamhlú acu dóibh féin. |
| Mo chuid Spásanna agus Áiteanna Féin | Féachaint ar scéalta ó thíortha ar fud an domhain, iad a phlé agus teacht ar thuiscint ar an bhfiúntas a bhaineann leo i dtaobh an chultúir. |

## Snáithe: Is pobalscoil náisiúnta muid

| Gné | Torthaí Foghlama<br>Ba cheart do na páistí a bheith in ann |
|---|---|
| Luachanna | Teach ar thuiscint ar luachanna an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe agus a mheas cén tionchar a imríonn na luachanna sin ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain. |
| Meas | Meas a bheith acu ar an maitheas a dhéanann an éagsúlacht i sochaí na hÉireann, an éagsúlacht sin a cheiliúradh agus a fiúntas a thuiscint, agus smaoineamh ar bhealaí dearfacha chun tacú le cuimsiú na héagsúlachta. |
| Pobal agus Saoránacht | Féachaint ar choincheap na saoránachta gníomhaí agus anailís a dhéanamh ar an maitheas atá déanta ag saoránaigh ghníomhacha ar fud an domhain agus ar na hathruithe chun feabhais atá spreagtha acu. |
| Comhionannas, Cearta agus Freagrachtaí | Cur lena dtuiscint ar an gcomhionannas agus ar chearta an duine ar domhan agus ar na freagrachtaí a ghabhann leis na cearta sin. |

### Snáithe: Am Machnaimh

| Gné | Torthaí Foghlama<br>Ba cheart do na páistí a bheith in ann |
|---|---|
| Machnamh agus Ceistiú | Meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar láidreachtaí agus laigí a gcuid argóintí féin sa díospóireacht. |
| Mothúcháin agus Folláine | Meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhíonn ag nithe seachtracha ar an bhfolláine agus iniúchadh a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an teacht aniar a chothú. |
| Na Ceisteanna Móra | Smaoineamh go criticiúil agus go samhlaíoch faoi cheisteanna, scéalta, díospóireachtaí agus smaointe ó thraidisiúin na fealsúnachta clasaicí. |

### Snáithe: Creidimh agus reiligiúin

| Gné | Torthaí Foghlama<br>Ba cheart do na páistí a bheith in ann |
|---|---|
| Ceiliúradh | Féachaint cé na hócáidí ceiliúrtha a mbaineann suntas leo ina saol féin agus tuiscint agus meas a léiriú ar ócáidí ceiliúrtha a bhaineann le traidisiúin chreidimh éagsúla. |
| Creidimh agus Cleachtais | Samplaí de chóid iompair ina saol féin a aithint agus a phlé, agus tuiscint agus meas a léiriú ar na cóid iompair a théann i bhfeidhm ar an gcaoi a maireann daoine i dtraidisiúin chreidimh éagsúla. |
| Daoine agus Áiteanna Speisialta | Féachaint cé na háiteanna a mbaineann suntas leo ina saol féin, iad a phlé, agus tuiscint a léiriú ar na háiteanna speisialta a bhaineann le traidisiúin chreidimh éagsúla. |
| Déantáin agus Scéalta Speisialta | Féachaint cé na siombailí a mbaineann suntas leo ina saol féin, iad a phlé, agus tuiscint agus meas a léiriú ar shiombailí a bhaineann le traidisiúin chreidimh éagsúla. |

# MLML a Phleanáil, a Mhúineadh agus a Mheasúnú

Is aonán ar leith í gach Pobalscoil Náisiúnta, ag a bhfuil a carachtar, a traidisiún agus a cultúr sainiúil féin. Mar sin féin, bíonn gach ceann acu ag obair faoi Chreat Phatrún na bPobalscoileanna Náisiúnta. Bíonn gach scoil faoi thionchar a méid agus a suímh, agus téann cúinsí agus dinimic inmheánach agus sheachtrach a timpeallachta i bhfeidhm go háirithe uirthi. Spreagtar cur chuige comhoibritheach a ghlacadh maidir le MLML a phleanáil, a mhúineadh agus a mheasúnú ar leibhéal na scoile. Moltar do scoileanna ról a thabhairt do na tuismitheoirí agus do mhórphobal na scoile sa phróiseas pleanála, nuair is cuí sin. Ag teacht le Curaclam na Bunscoile (1999), beidh gné ghearrthréimhseach agus gné fhadtréimhseach ag baint leis an bpleanáil ranga. Leis an bpleanáil i gcomhair seachtaine, téarma, bliana nó, go deimhin, i gcomhair tréimhsí eile nach iad, leagtar síos na bealaí inar féidir leis an múinteoir féachaint chuige go gclúdófar gach gné den churaclam go sásúil ar bhealach a fhreastalaíonn ar na riachtanais atá ag na páistí difriúla sa rang. Tá teimpléid phleanála ar fáil ar líne ag *www.cns.ie/goodness-me-goodness-you.*

## Cur Chuige Leathan, Cothrom i leith na Pleanála

Gné thábhachtach den phleanáil in MLML is ea é eispéiris éagsúla a chur ar fáil do na páistí. Ach pleanáil éifeachtach a dhéanamh, seachnófar athrá gan ghá agus bearnaí suntasacha sa churaclam. Ba cheart do na ceithre shnáithe a bheith ina ngné den phleanáil scoile gach bliain nuair is féidir é. Moltar gach gné a chlúdach laistigh de na snáitheanna chun féachaint chuige go mbeidh éagsúlacht, cothromaíocht agus leanúnachas i gceist sa chur chuige. Mar sin féin, ag smaoineamh ar chomhthéacs gach scoile, féadfar dul i ngleic níos mó nó níos lú le gach snáithe éagsúil de réir mar a oireann do gach scoil ar leith. Moltar na snáitheanna a fhí lena chéile seachas iad a mhúineadh ina mbloic, ceann i ndiaidh a chéile.

## Dáileadh ama

Sa chreat ama seachtainiúil a luaitear i *Curaclam na Bunscoile (1999)*, moltar 2 uair an chloig agus 30 nóiméad in aghaidh na seachtaine a leagan síos le haghaidh MLML a mhúineadh. Faoin gcuraclam MLML, bíonn neamhspleáchas agus solúbthacht ag na scoileanna chun an curaclam a leagan amach de réir na riachtanas atá ag pobal na scoile. Chuige sin, féadfaidh scoileanna níos mó nó níos lú ama a chaitheamh ag múineadh gnéithe áirithe den churaclam.

## Comhtháthú

Is é atá i gceist leis an gcomhtháthú ná naisc thraschuraclaim a chothú. I gcás páistí óga, ní hábhartha iad na difríochtaí idir ábhair éagsúla. Is éard atá tábhachtach ina gcás siúd ná próiseas foghlama comhsheasmhach lena ndéantar naisc idir ábhair. Ach béim a leagan ar an gceangal atá idir réimsí éagsúla eolais agus an tsolúbthacht lenar féidir scileanna a chur i bhfeidhm i réimsí éagsúla, bíonn dearcadh níos leithne agus níos saibhre ag na páistí agus déantar an próiseas foghlama a threisiú. Tá deiseanna le tapú i ngach snáithe den churaclam le haghaidh comhtháthú a dhéanamh. Is féidir le múinteoirí na deiseanna sin a aithint agus iad i mbun pleanála. Sna ceachtanna samplacha, tugtar moltaí faoi chuid de na cásanna inar féidir comhtháthú a dhéanamh idir réimsí ábhair éagsúla.


## Measúnú

Is éard atá sa mheasúnú ná an próiseas trína ndéantar faisnéis faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ag an bpáiste a bhailiú, a thaifeadadh, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú, mar aon le faisnéis faoi ghnóthachtáil an pháiste maidir le heolas, scileanna agus meonta a fhorbairt. Cuireann an fhaisnéis a bhailítear le tuiscint an mhúinteora ar an méid atá an páiste ag foghlaim agus ar an gcaoi a bhfuil sé nó sí ag foghlaim. Baineann an múinteoir leas as an bhfaisnéis sin chun eispéiris foghlama a phleanáil atá bunaithe ar Thorthaí Foghlama cuí ón gcuraclam, agus ar an méid atá foghlamtha cheana ag an bpáiste. Trí mheasúnú a dhéanamh, faigheann an múinteoir léargas cuimsitheach ar na riachtanais atá ag an bpáiste sa ghearrthréimhse agus san fhadtréimhse agus pleanálann sé nó sí an obair atá le déanamh fós ar a bhonn sin. Agus an fhaisnéis ón measúnú á húsáid ar an gcaoi sin, tacaíonn an múinteoir leis an bhfoghlaim a dhéanann an páiste agus cuireann sé nó sí leis an bhfoghlaim sin. Léirítear i bhFíor 6 ocht gcur chuige a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhair an mheasúnaithe. Tá siad á gcur i láthair sa chaoi is go bhfuil siad ag leanúint óna chéile. I gcás na gcineálacha cur chuige ar thaobh na láimhe clé, is iad na cinn iad ina mbíonn ról lárnach ag an bpáiste maidir le measúnú a dhéanamh ar a chuid nó a cuid oibre féin; ag teannadh le taobh na láimh déise, is tábhachtaí an ról a bhíonn ag an múinteoir maidir leis an measúnú a threorú. Leis an measúnú leanúnach, cuirfear eolas ar fáil maidir le foghlaim agus forbairt an pháiste i leith na dTorthaí Foghlama éagsúla atá sa churaclam MLML.

## Idirdhealú

Is éard atá i gceist leis an idirdhealú ná cineálacha cur chuige cuí teagaisc, foghlama agus measúnuithe a mheaitseáil go cuí leis na páistí iad féin ionas gur féidir le gach páiste tairbhe a bhaint as eispéiris foghlama éagsúla agus dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na Torthaí Foghlama a bhaint amach. Mar chuid de sin, d'fhéadfaí féachaint ar ábhair spéise an pháiste, na heispéiris a bhí aige nó aici roimhe seo, a mhéid a bhíonn sé nó sí spreagtha, an méid a bhfuil súil aige nó aici féin leis, agus luas na foghlama agus na hoibre. Ba cheart a shonrú sa phlean i gcomhair na gearrthréimhse na straitéisí a úsáidfidh múinteoir chun freastal ar éagsúlacht na riachtanas foghlama atá ag na páistí sa seomra ranga. Ba cheart dlúthbhaint a bheith idir na straitéisí idirdhealaithe a roghnófar agus na gníomhaíochtaí foghlama agus ba cheart iad a bheith ag teacht leis na riachtanais atá ag na páistí.

Fíor 6. Contanam modhanna measúnaithe (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2007)





# MODHEOLAÍOCHTAÍ

**Mar a dhéantar in *Curaclam na Bunscoile (1999)*, moltar in MLML úsáid a bhaint as réimse leathan modheolaíochtaí teagaisc ionas nach bhfágfar aon fhoghlaimeoir ar lár. Tá modheolaíochtaí ó chleachtais agus taighde idirnáisiúnta curtha leo, mar a léirítear anseo thíos.**

## Foghlaim ghníomhach

Tá an curaclam MLML ceaptha chun deiseanna a thapú maidir le rannpháirtíocht ghníomhach i réimse leathan eispéireas foghlama. Spreagtar na páistí chun freagairt ar bhealaí éagsúla d'ábhar ar leith. Roghnaíonn an múinteoir an tsraith gníomhaíochtaí is fearr a chuirfidh chun cinn an fhoghlaim a dhéanann na páistí. Is é prionsabal na gníomhaíochta treoraithe agus na foghlama fionnachtanaí atá i gceist ansin.

## Comharfhoghlaim

Spreagtar na páistí trí smaointe agus tuairimí daoine eile a chloisteáil agus trí fhreagairt dóibh. Leis an obair chomhoibríoch, bíonn an deis ag na páistí tuairimí a chloisteáil ó dhaoine eile faoi fhadhb nó faoi chás áirithe. Cabhróidh an t-idirghníomhú sin le cur le méid agus doimhne na tuisceana atá ag páiste aonair. Trí chomhoibriú le daoine eile, cuidítear le forbairt shóisialta agus phearsanta an pháiste agus cothaítear tuiscint ar na buntáistí a bhaineann le bheith ag obair i gcomhar lena chéile.

## Teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide

Ach úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC), féadfaidh eispéireas níos fearr a bheith ag an bpáiste agus é nó í ag tabhairt faoin gcuraclam MLML. Is féidir le TFC tacú leis an gcuraclam MLML trí fhaisnéis a rochtain agus a aisghabháil, féachaint ar an éagsúlacht chultúrtha lasmuigh de phobal na bpáistí féin, teagmháil a dhéanamh le daoine eile agus dul i mbun cumarsáide leo, rud a chothaíonn scileanna luachmhara. Is féidir an-tairbhe a bhaint as físeáin, podchraoltaí agus fógraí cuí agus iniúchadh á dhéanamh ar roinnt de na topaicí agus na saincheisteanna a phléitear in MLML. Leis an idirlíon, go háirithe, is féidir rochtain a thabhairt do pháistí ar éagsúlacht mhór foinsí a oireann dá n-aois féin. Ba cheart monatóireacht chúramach a dhéanamh ar úsáid na meán sin i gcomhair MLML, agus ba cheart na páistí a spreagadh chun smaoineamh go criticiúil faoi na hábhair atá ar fáil dóibh.

## Fealsúnacht do Pháistí agus le Páistí

Is cur chuige í an Fhealsúnacht do Pháistí i dtaobh fealsúnacht a mhúineadh trína gcuirtear topaic nó fadhb i láthair na bpáistí. Leagtar amach am machnaimh dóibh chun a gcuid freagraí ar an bhfadhb agus ceisteanna fúithi a réiteach, agus dul i mbun idirphlé fealsúnach leis na páistí eile.

Is cur chuige í an Fhealsúnacht le Páistí maidir le fealsúnacht a mhúineadh ina gcuirtear béim ar ról an mhúinteora mar chomhpháirtí agus ina mbíonn an deis ag na páistí smaoineamh ar a gcuid téamaí díospóireachta féin (ar leibhéal aoise cuí).

## Spraoi

Is gníomhaíocht lárnach de chuid bhlianta na hóige é an spraoi. Trí bheith ag spraoi, déanann na páistí iniúchadh ar a dtimpeallacht nádúrtha agus shóisialta. Le linn dóibh a bheith ag spraoi, is féidir leis na páistí scrúdú a dhéanamh ar an timpeallacht sin, rudaí fiúntacha a fháil amach fúithi agus fadhbanna a réiteach a bhaineann leis na hábhair a dtagann siad orthu nó na cúinsí ina mbíonn siad. Is féidir leo féachaint ar an dinimic a bhaineann le caidreamh sóisialta a chothú trí chomhoibriú, réiteach coinbhleachta agus plé. Spreagann an spraoi an tsamhlaíocht agus cuireann sé le tuiscint an pháiste ar an saol ina maireann sé nó sí. Ní díreach sna luathbhlianta amháin a bhítear ag spraoi agus meastar gur comhthéacs luachmhar i gcomhair na foghlama é ar feadh bhlianta na hóige go léir. In MLML, spreagtar na múinteoirí le húsáid a bhaint as eispéiris spraíúla chuí chun tacú leis an bhfoghlaim a dhéanann na páistí ar fud an churaclaim.

## Réiteach fadhbanna

Sa churaclam, spreagtar an páiste chun breathnú ar fhianaise, í a bhailiú agus a mheas, chun ceisteanna ábhartha a chur, bunús faidhbe a aithint, réitigh a mholadh, agus breithiúnais eolasacha a dhéanamh. Cuidíonn na gníomhaíochtaí sin leis na scileanna ard-smaointeoireachta a chothú, ar nós achoimre a dhéanamh, anailís a dhéanamh, baint de thátal, agus meabhair a bhaint as íomhánna agus samhlaoidí.

## Tráth Suaimhnis

Cothaíonn an tráth suaimhnis cumas an pháiste a bheith ina thost nó ina tost. Cuireann sé ar chumas an pháiste a bheith socair agus a bheith i dtimpeallacht shocair, éisteacht níos grinne a dhéanamh agus féinsmacht níos mó a léiriú. Tugtar an deis do na páistí díriú ar bheith ciúin socair.

## Aistriú scileanna

Is gné lárnach den churaclam é an cumas chun foghlaim a aistriú. Tugann MLML aghaidh ar fhorbairt an eolais agus na tuisceana, scileanna a bheidh an páiste in ann a chur i bhfeidhm agus é nó í ag déileáil le cúinsí nach bhfuil cleachtadh aige nó aici orthu agus ag freagairt do smaointe agus dearcthaí úra. An cumas atá ag an bpáiste chun an méid atá foghlamtha aige nó aici a chur i bhfeidhm i gcúinsí éagsúla, is táscaire maith é ar a éifeachtaí is a bhí an fhoghlaim sin.

## Labhairt agus plé

Is cur chuige lárnach teagaisc é seo i ngach réimse den churaclam. Tarlaíonn an-chuid foghlama nuair a dhéantar cur síos ar eispéiris. Is féidir smaointe, mothúcháin agus freagairtí a iniúchadh trí fhriotal níos casta agus níos casta a chuidíonn leis an bpáiste eispéiris a shoiléiriú agus meabhair a bhaint astu agus coincheapa nua a fhoghlaim. Spreagann MLML comhrá fiúntach i ngach snáithe den churaclam.

## Leas a bhaint as an timpeallacht

Bunús éifeachtach i gcomhair na foghlama is ea eispéiris a bheith ag an bpáiste féin trína mbeidh baint ghníomhach aige nó aici leis an timpeallacht agus leis na daoine a bhfuil cónaí orthu ansin. Is sa bhaile a chuirtear tús leis na heispéiris sin agus leathnaítear amach iad de réir mar a bhíonn an páiste ag fás, ón ngarthimpeallacht go dtí an scoil agus níos faide i gcéin. Ach a dtaithí féin a fháil ar ghnéithe éagsúla den churaclam lasmuigh den seomra ranga, cuirtear le hábharthacht agus le héifeachtacht na foghlama a dhéanann páistí.

**Leis na modheolaíochtaí a bhfuil cur síos orthu thuas, spreagtar múinteoirí chun leas a bhaint as cineálacha cur chuige éagsúla le linn na gceachtanna MLML. Ba cheart na modheolaíochtaí a úsáid ar bhealach tuisceanach, de réir riachtanais an pháiste.**



# Tuismitheoirí, Múinteoirí, an Pobal agus Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa!

Leis an gcuraclam MLML, cuirtear ar a gcumas do na páistí a dtaithí féin ar an saol a iniúchadh agus a phlé trí chur chuige ildisciplíneach arb é is aidhm leis an páiste a fhorbairt ina iomláine nó ina hiomláine. Is féidir ról ríthábhachtach a bheith ag tuismitheoirí, ag múinteoirí agus ag daoine den phobal maidir le haidhmeanna an churaclaim MLML a bhaint amach. Is féidir le tuismitheoirí cur leis an bhfoghlaim a dhéanann páiste sa churaclam trí aiseolas a thabhairt, freastal ar chruinnithe, agus na hábhair MLML a úsáid sa bhaile. Spreagtar na scoileanna chun cuireadh a thabhairt do na tuismitheoirí teacht isteach sna seomraí ranga chun labhairt faoina dtaithí féin ar an saol i réimse ábhar agus chun cuireadh a thabhairt dóibh a bheith páirteach i gcoiste MLML sa scoil.

Éascaíonn an curaclam do thuismitheoirí ina ról mar oideachasóirí príomha a gcuid páistí trí ábhair thacaíochta a chur ar fáil. Leis na hábhair sin, spreagtar agus cumasaítear rannpháirtíocht na dtuismitheoirí. Samplaí de na hábhair sin is ea: agallaimh ar féidir le tuismitheoirí agus páistí iad a dhéanamh le chéile agus gníomhaíochtaí agus tionscadail taighde i gcomhair an teaghlaigh. Tá MLML ar láithreán gréasáin na bPobalscoileanna Náisiúnta (www.cns.ie) agus sa rannán MLML den láithreán sin tá rannán na dtuismitheoirí, ina bhfuil acmhainní breise. Leis na hacmhainní sin, is féidir leis na tuismitheoirí eolas a chur ar an teagasc agus an fhoghlaim a bhíonn ar siúl i gceacht MLML, agus tá sé ina aidhm leo tacú le forbairt bhreise a dhéanamh ar an gceacht sa bhaile leis an bpáiste.

Spreagtar na múinteoirí agus na scoileanna chun teagmháil a dhéanamh le daoine den phobal agus cuireadh a thabhairt dóibh teacht isteach sna seomraí ranga agus sa scoil agus chun turais allamuigh a eagrú chuig áiteanna sa cheantar. Féachtar sa churaclam leis an deis a thabhairt do na páistí a bheith páirteach sa phobal áitiúil, chun tuiscint níos fearr a fháil ar a bhféiniúlacht, an muintearas agus ar na freagrachtaí atá orthu laistigh den phobal agus de ghrúpaí sóisialta. Is féidir le daoine den phobal cuidiú le forbairt MLML trí fhreastal ar imeachtaí scoile, cuairt a thabhairt ar an seomra ranga agus aiseolas a thabhairt ar an mbealach a dtugtar faoi MLML i scoileanna aonair.

Chomh maith leis an gcion a rinne tuismitheoirí agus an pobal, bhí ról lárnach ag na múinteoirí maidir le forbairt a dhéanamh ar an gcuraclam MLML ó bunaíodh é. Cibé an raibh siad ina gcomhordaitheoirí MLML i scoileanna aonair, ina mbaill den Ghrúpa Líonra MLML nó ag obair i gcomhar leis na tuismitheoirí ar leibhéal na scoile, bhí an pháirt a ghlacann múinteoirí ina príomhghné den churaclam. Toisc gur cur chuige ildisciplíneach atá i gceist le snáitheanna agus teagasc MLML, is creat é trínar féidir tacaíocht a thabhairt do na múinteoirí ach fós féin an deis a fhágáil acu MLML a phleanáil agus a mhúineadh mar a oireann dóibh féin.

Aithnítear sa churaclam gur eiseamláir é nó í an múinteoir i súile na bpáistí ina rang. Cruthaíonn na múinteoirí deiseanna ar feadh an lae scoile le haghaidh teagmháil idir páistí ó chúlraí éagsúla. Bíonn na múinteoirí solúbtha agus iad ag obair laistigh de struchtúir an ranga agus na scoile chun éascú don fhoghlaim a dhéanann na páistí in MLML.

Tacaíonn na múinteoirí leis na tuismitheoirí trí fhaisnéis a chomhroinnt faoin gcuraclam MLML, a gcuid ceisteanna a fhreagairt, agus cabhrú le tuismitheoirí a bheith páirteach san fhoghlaim a dhéanann a bpáiste sa bhaile. Leis na heispéiris foghlama a bhfuil cur síos orthu sa churaclam, is féidir leis na múinteoirí na tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas faoin bhfoghlaim a bhíonn ar siúl sa seomra ranga, agus is féidir le gach teaghlach an rang a chur ar an eolas faoin bhfoghlaim a dhéantar sa bhaile.

# Gluais

| | |
|---|---|
| **Ceacht** | Tuigtear in MLML gur tréimhse leanúnach theagaisc agus foghlama atá i gceist le ceacht. |
| **Clár/curaclam an phátrúin** | Tagraítear leis seo don chlár nó don churaclam a fhorbraíonn an pátrún chun bunchloch a leagan faoi shainspiorad a scoileanna agus an sainspiorad sin a chur chun cinn. Aithnítear san Acht Oideachais (1998) an ceart dlíthiúil atá ag pátrúin chun a gclár/curaclam a leagan amach, a mhaoirsiú, a chur i bhfeidhm agus a mhúineadh i rith an lae scoile. |
| **Comhionannas** | Déantar tagairt leis an gcomhionannas don tábhacht a bhaineann leis an éagsúlacht i measc daoine aonair agus na riachtanais a bhíonn ag grúpa a aithint, meas a léiriú orthu agus glacadh leo, agus féachaint chuige go bhfuil comhionannas ann ó thaobh rochtana, rannpháirtíochta agus sochair do gach páiste agus dá dteaghlaigh. Ní hé caitheamh le daoine 'ar an gcaoi chéanna' atá i gceist leis, más ea. Baineann ábharthacht ar leith le comhionannas rannpháirtíochta nuair a bhítear ag obair le páistí agus le tuismitheoirí. Trí mheán MLML, féadfaidh na páistí iniúchadh a dhéanamh ar na naoi réimse comhionannais seo a leanas:<br><br>• Inscne: Tá tú i dteideal go ndéileálfar go comhionann leat cibé an fear, bean nó duine trasinscneach thú.<br>• Stádas sibhialta: Tá tú i dteideal go ndéileálfar go comhionann leat cibé an duine singil thú, duine pósta, duine scartha, duine colscartha nó baintreach, nó duine atá nó a bhí i bpáirtnéireacht shibhialta.<br>• Claonadh gnéasach: Tá tú i dteideal go ndéileálfar go comhionann leat cibé an bhfuil tú aerach, leispiach, déghnéasach, éighnéasach nó heitrighnéasach.<br>• Reiligiún: Tá tú i dteideal go ndéileálfar go comhionann leat is cuma cé na rudaí a gcreideann tú iontu ó thaobh an reiligiúin de nó mura gcreideann tú i rud ar bith ó thaobh an reiligiúin de.<br>• Aois: Tá tú i dteideal go ndéileálfar go comhionann leat beag beann ar d'aois.<br>• Cine: Tá tú i dteideal go ndéileálfar go comhionann leat is cuma cén cine lena mbaineann tú, cén dath craicinn atá ort, cén náisiúntacht atá agat nó cén bunús eitneach atá agat.<br>• Pobal an Lucht Siúil: Tá tú i dteideal go ndéileálfar go comhionann leat más duine thú de phobal an Lucht Siúil.<br>• Míchumas: Tá tú i dteideal go ndéileálfar go comhionann leat má tá tú faoi mhíchumas.<br>• Stádas Teaghlaigh: Tá tú i dteideal go ndéileálfar go comhionann leat má tá tú ag iompar clainne nó más tuismitheoir páiste faoi bhun 18 mbliana d'aois thú nó más tú an té atá freagrach as páiste faoi bhun 18 mbliana d'aois. Cosnaítear ar an mbonn sin freisin daoine ar príomhchúramóir duine faoi mhíchumas atá 18 mbliana d'aois nó níos sine iad, nó tuismitheoir an duine sin, i gcás ina bhfágann an míchumas atá air nó uirthi nach mór aire leanúnach a thabhairt dó nó di. |

| | |
|---|---|
| **Comhrá/idirphlé idirchreidimh** | Déantar tagairt leis an gcineál seo comhrá nó idirphlé d'idirghníomhaíochtaí comhoibritheacha, cuiditheacha, dearfacha idir páistí a thagann ó chúlraí creidimh éagsúla, idir reiligiúnach agus neamhreiligiúnach. |
| **Creideamh** | Is éard atá i gceist le creideamh ná muinín nó iontaoibh as duine nó rud agus is rud é a ghlacann duine leis atá fíor. Ina theannta sin, faoi MLML, clúdaíonn coincheap an chreidimh tuiscintí neamhreiligiúnacha ar an saol agus ar an domhan. |
| **Cuimsiú** | Tagraítear leis an gcuimsiú do phróiseas ina bhfuil clár, curaclam nó timpeallacht oideachais i gceist ina bhfuil fáilte roimh gach paiste agus ina n-áirítear gach páiste ar théarmaí comhionanna, inar féidir leis na páistí aonair mothú gur duine den ghrúpa iad agus inar féidir leo barr a gcumais a bhaint amach i ngach réimse forbartha. |
| **An cur chuige ar bhonn fiosraithe** | Leis an gcur chuige seo i leith an teagaisc agus na foghlama, bíonn ceisteanna na bpáistí i lár an churaclaim agus leagtar luach ar scileanna taighde agus ar an eolas agus an tuiscint a fhaightear trí fhiosrúchán. |
| **Cur chuige tógachaíoch** | Tá an cur chuige seo i leith an oideachais bunaithe ar an tuairim go dtarlaíonn an fhoghlaim tráth a mbíonn na páistí ag gabháil go gníomhach don phróiseas faoina mbaintear ciall as rudaí agus faoina gcothaítear eolas, seachas a bheith ag glacadh go héighníomhach le faisnéis. |
| **Dearcthaí fealsúnachta** | Is iad seo na dearcthaí atá againn ar an domhan lena sainítear céard é féin, áit an duine aonair ann, agus an caidreamh is féidir a bheith idir daoine agus an domhan sin agus na codanna de. |

| | |
|---|---|
| **Éagsúlacht** | Is ag tagairt don éagsúlacht i sochaí na hÉireann atáthar leis an gcoincheap seo. Baineann an éagsúlacht leis na bealaí ar fad ina mbíonn daoine difriúil óna chéile, agus leis an gcaoi a maireann siad mar dhaoine aonair, laistigh de ghrúpaí, agus mar chuid de ghrúpaí sóisialta níos leithne. Mar shampla, is féidir duine a aicmiú, nó is féidir leis an té sin é féin nó í féin a aicmiú, de réir aicme shóisialta, de réir inscne, de réir míchumais/cumais, mar imirceach Éireannach a d'fhill abhaile, de réir stádas teaghlaigh, mar dhuine a uchtaíodh ó thír eile, nó mar dhuine ó struchtúr difriúil teaghlaigh, lena n-áirítear cúram altrama. Is féidir an dearcadh a ghlacadh ina leith – nó is féidir leo féin an dearcadh sin a ghlacadh – gur duine de ghrúpa mionlaigh é nó í, nó duine de ghrúpa eitneach mionlaigh nó duine den ghrúpa ina bhfuil tromlach an phobail/den ghrúpa ceannasach (curtha in oiriúint ó Murray agus Urban 2012). |
| **Eipistéimeolaíocht iolraíoch** | Déantar tagairt leis an gcoincheap seo do na bealaí éagsúla atá againn chun fios a bheith againn faoi rudaí. |
| **Fealsúnacht do pháistí** | Is cur chuige é seo a bhfuil sé ina aidhm leis scileanna réasúnaíochta agus scileanna díospóireachta a mhúineadh do pháistí. Moltar sa chur chuige go múinfí scileanna réasúnaíochta do pháistí agus iad fós óg toisc go bhfeabhsaítear go mór a gcuid scileanna cognaíocha agus acadúla eile dá bharr sin. |
| **Fealsúnacht le páistí** | Is cur chuige é seo maidir le fealsúnacht a mhúineadh sna luathbh-lianta, ina gcuirtear béim ar ról an mhúinteora mar chomhpháirtí agus ina mbíonn an deis ag na páistí smaoineamh ar a gcuid téamaí féin lena bplé sa rang (ar leibhéal aoise cuí). |
| **Folláine** | Má tá duine folláin, bíonn muinín ag an té sin as nó aisti féin, bíonn teacht aniar ann nó inti i dtaobh na mothúchán, agus bíonn sé nó sí ag aireachtáil sona sábháilte. Sa sainmhíniú a dhéantar ar an bh-folláine in MLML, cuimsítear feasacht an pháiste ar a luachanna féin agus na cumais atá aige nó aici, gníomhú chun na luachanna sin a chosaint agus dearcadh dearfach, cruthaitheach a bheith aige nó aici ar an saol. Cuimsítear leis an bhfolláine anseo an luach a chuireann an páiste ar an ról atá aige nó aici mar shaoránach gníomhach, sói-sialta den domhan, agus tuiscint a bheith aige nó aici ar na cearta atá aige nó aici agus ar na freagrachtaí atá air nó uirthi i leith daoine eile. |

| | |
|---|---|
| **Il-sainchreidmheach** | Cuimsítear leis na scoileanna il-sainchreidmheacha iad siúd ina gcuirtear chun cinn oideachas atá sofhreagrach ó thaobh an chultúir de agus ina gcloítear le comhionannas na gcreideamh agus na luachanna atá ag páistí, tuismitheoirí, baill foirne agus daoine den mhórphobal, agus ina léirítear meas orthu. Tá sé ina aidhm ag na scoileanna sin múinteoirí agus curaclaim atá sofhreagrach ó thaobh cultúir de a fhorbairt; timpeallachtaí scoile atá cuimsitheach agus sofhreagrach ó thaobh an chultúir de a chur chun cinn; agus a chur ar a gcumas do na páistí agus na tuismitheoirí a bheith ina mbaill ghníomhacha de phobal na scoile. Is éard atá i gceist le bheith ina scoil atá sofhreagrach ó thaobh an chultúir de ná tuiscint a bheith ag an scoil sin ar na difríochtaí atá ann laistigh dá pobail éagsúla, tuiscint a bheith aici ar na noirm agus na luachanna atá ag na pobail éagsúla sin, a bheith tuisceanach maidir le haistriú na bpáistí idir an baile agus an scoil, agus an chumarsáid leis na tuismitheoirí a chur in oiriúint ionas go mbeifear sofhreagrach do noirm chultúrtha. |
| **Luachanna** | Is éard atá i gceist le luachanna ná na prionsabail nó na caighdeáin iompair atá ag duine. |
| **Modheolaíocht** | Cuimsítear le modheolaíocht na prionsabail is bonn leis na modhanna a úsáideann múinteoirí chun a chur ar a gcumas do na páistí an fhoghlaim atá inmhianaithe a bhaint amach. Déantar na modhanna sin a chinneadh ar bhonn na riachtanas atá ag an bpáiste ó thaobh tacú leis an bhfoghlaim a dhéanann sé nó sí. |
| **Oideachas carachtair** | Is coincheap é seo lena gcuimsítear an tuiscint go mbíonn nithe eile ag gabháil le cearta an duine: freagrachtaí, braistint choinsiasa a fhorbairt, aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann leis an ionracas pearsanta, agus an chaoinfhulaingt agus an meas a chur chun cinn go gníomhach i gcásanna ina bhfuil deighilt i gceist idir reiligiúin nó cultúir éagsúla. |
| **Oideachas féiniúlachta** | Tá sé ina aidhm leis an oideachas féiniúlachta forbairt a dhéanamh ar thuiscint dhinimiciúil an duine air nó uirthi féin agus ar an bhféinsainiú dinimiciúil a úsáideann sé nó sí chun struchtúr a thabhairt do choincheap an mise istigh, an coincheap sin a threorú, brí a shainiú dó agus é a chur i láthair, ar coincheap é a dhéantar a chaibidliú go hinmheánach agus le daoine eile ar feadh an tsaoil i gcomhthéacsanna soch-chultúrtha, chomh maith leis na próisis shíceasóisialta, na córais chiallaithe, na cleachtais agus na struchtúir lena rialaítear an fhorbairt leanúnach ar an tuiscint agus ar an bhféinsainiú sin. |

| | |
|---|---|
| **Oideachas Reiligiúnach ar bhonn Idirphlé** | Is iad seo a leanas na saintréithe a bhíonn ag oideachas reiligiúnach ar bhonn idirphlé: Baineann sé leis na heispéiris a bhíonn ag na páistí agus freisin leis an spreagadh a fhaightear ó thraidisiúin reiligiúnacha. Pléitear ann le comhthéacsanna éagsúla agus le cultúir éagsúla, agus tá sé bunaithe ar chineálacha cur chuige éagsúla maidir le foghlaim idir-reiligiúnach. Leis an gcur chuige a ghlactar in MLML, bítear ag tagairt do thuiscint ar an idirphlé atá dírithe ar eispéiris. Tríd an tuiscint sin, baineann tábhacht mhór leis an idirphlé sa seomra ranga toisc gur ansin is féidir leis na daltaí páirt a ghlacadh sa phlé agus a gcúlraí difriúla ó thaobh reiligiúin agus idé-eolaíocha á gcur in iúl acu, agus inar féidir leo a gcuid dearcthaí agus a gcuid tuairimí a fhorbairt. Is iomaí bealach ina mbíonn na reiligiúin éagsúla ag teacht le chéile, ach tá an t-idirphlé san Oideachas Reiligiúnach ceaptha freisin chun iniúchadh a dhéanamh ar na difríochtaí idir traidisiúin reiligiúnacha. Níl sé ina sprioc teacht ar chomhréiteach idir tuairimí aonair trí dhearcthaí difriúla a mheascadh lena chéile, ach iad a fhorbairt trí chomparáid a dhéanamh idir iad agus dearcthaí eile. Le cur chuige an oideachais reiligiúnaigh, ba cheart go mbeifí in ann dul i mbun idirphlé sa seomra ranga inar féidir leis na rannpháirtithe tagairt a dhéanamh dá gcúlraí reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha éagsúla, fiú mura gá go n-éireodh leis an idirphlé sin. Leis an idirphlé sa seomra ranga, cothaítear meas ar thiomantais reiligiúnacha daoine eile agus cuirtear ar a súile do na rannpháirtithe go bhféadfaidís iad féin a chur ar a suaimhneas nó a dtiomantas reiligiúnach a chur in iúl agus iad ag déanamh monatóireacht chriticiúil ar an tiomantas sin ag an am céanna (Weisse, 2003). Ní mór an cineál oideachais reiligiúnaigh sin a thuiscint i gcomhthéacs cur chuige oideachais nach bhféachann le macasamhlú a dhéanamh ar an deighilt agus an easaontas sa tsochaí, gan trácht ar chur leis an bhfadhb sin, agus atá dírithe ar theacht ar chomhthuiscint faoina bhfuil meas ag daoine ar na difríochtaí atá eatarthu. |
| **Pátrún** | Tagraítear leis an téarma seo do 'úinéir' na scoile mar atá cláraithe leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is é an pátrún a leagann síos sainspiorad na scoile agus ceapann sé Bord Bainistíochta chun an scoil a rith. I gcás Pobalscoil Náisiúnta, is é an pátrún an Bord Oideachais agus Oiliúna áitiúil. |
| **Sainspiorad** | Is léiriú é seo ar na haidhmeanna, na cuspóirí, na spriocanna, na luachanna agus na creidimh a mbíonn an scoil ag díriú orthu, a dtacaíonn sí leo agus a gcaomhnaíonn sí iad. Tá sé i gceist leis an sainspiorad freisin go leagtar béim air go mbíonn gach duine i bpobal na scoile faoi lé sraith luachanna agus prionsabail chreidimh atá leagtha síos. Sa chomhthéacs sin, tuigtear gurb é an sainspiorad an t-atmaisféar a eascraíonn as an idirghníomhaíocht i measc roinnt gnéithe den saol scoile, lena n-áirítear teagasc agus foghlaim, bainistíocht agus ceannaireacht, an úsáid a bhaintear as íomhánna agus siombailí, deasghnátha agus cleachtais, chomh maith le spriocanna agus ionchais. Is féidir éiteas scoile a thabhairt air freisin. |

| | |
|---|---|
| **Saoránacht** | Is éard atá i gceist le saoránacht ná seasamh nó bealach le bheith i do shaoránach de chuid stáit nó tíre áirithe. |
| **Saoránacht ghníomhach** | I gcás na saoránachta gníomhaí, bíonn an saoránach páirteach sa phobal áitiúil nó sa phobal náisiúnta agus bíonn róil aige nó aici agus freagrachtaí air nó uirthi i ndáil leis an tsochaí agus leis an gcom-hshaol. |
| **Smaointeoireacht chriticiúil** | Is éard atá i gceist leis an smaointeoireacht chriticiúil ná anailís oibi-achtúil a dhéanamh ar shaincheist nó ar chás a fhágfaidh go mbeidh an duine in ann breithiúnas nó cinneadh a dhéanamh. |
| **Teagasc** | Tagraítear leis seo do na gníomhartha nó an obair a dhéanann an múinteoir agus é nó í ag tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhfor-bairt a dhéanann na páistí. |
| **Teagasc ar bhonn idirphlé** | Déantar cur síos leis an téarma seo ar phróisis foghlama ina ndéanann an múinteoir agus na páistí fiosrú criticiúil ar an topaic atá faoi chaibidil, ina gcuireann siad dearcthaí éagsúla in iúl agus ina n-éisteann siad le tuairimí agus daoine éagsúla, agus ina gcothaíonn siad caidreamh measúil, cothrom sa seomra ranga. |
| **Tuismitheoirí** | Tuismitheoir, caomhnóir nó cúramóir atá i gceist leis an téarma seo. |

# Tagairtí


Beauvoir, S. (1976). *The Ethics of Ambiguity*. An chéad eagrán, Nua-Eabhrac: Citadel Press.

Biesta, G. (2017). *The Rediscovery of Teaching.* Londain: Routledge.

Boal, A. (1993). *Theatre of the Oppressed*. Nua-Eabhrac: Theatre Communications Group.

Bruner, J. S. (1957). *Going beyond the information given*. Nua-Eabhrac: Norton.

Castelli, M. (2015). Dialogic skills for religious education, *Journal of Theories and Research in Education,* 10:1, 151-167.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999). *Curaclam na Bunscoile: Réamhrá*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais.

Dewey, J. (1973). *Experience and Education*. Londain: Collier Books.

Donnelly, P. (2001) A study of higher-order thinking in the early years classroom through doing philoso phy, *Irish Educational Studies*, 20:1, 278-295.

Donnelly, P. (2005) *Young children's philosophical thinking and ancient proto-philosophy: a study.* Trách tas PhD, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Egan, K. (1986). *Teaching as storytelling*. Londain: The Althouse Press.

Egan, K. (2005). *An imaginative approach to teaching*. San Francisco: Jossey-Bass.

Schachter, E.P. & Rich, Y. (2011) Identity Education: A Conceptual Framework for Educational Researchers and Practitioners, *Educational Psychologist*, 46:4, 222-238.

Freire, P. (1996). Pedagogy of the Oppressed. Londain: Continuum.

Gregory, M. (2002). Constructivism, standards and the classroom community of inquiry. *Educational Theory*, 52:4, 397–408.

Grimmitt, M. (2000). Constructivist Pedagogies of Religious Education Project: Re-thinking Knowledge, Teaching and Learning in Religious Education. In M. Grimmitt, *Pedagogies of religious education: case studies in the research and development of good pedagogic practice in RE* (leathnaigh 207-227). Great Wakering: McCrimmon.

Ingram, D., & Meath, M. (2007). *Arts for academic achievement: A compilation of evaluation findings from 2004-2006*. Minnesota: Center for Applied Research and Educational Improvement.

Ipgrave, J. (2004). Including pupils' faith background in primary religious education. *Support for Learning*, 19:3, 114-118

Jackson, R. (1997). *Religious Education: An Interpretive Approach,* Londain: Hodder and Stoughton.

Jackson, R. (2004). *Rethinking Religious Education and Plurality: Issues in Diversity and Pedagogy.* Londain: Taylor and Francis.

Kohl, H., & Oppenheim, T. (2012). *The Muses Go to School : Inspiring Stories About the Importance of Arts in Education*. Nua-Eabhrac: The New Press.

Lipman, M. (1980). *Philosophy in the Classroom*. Filideilfia: Temple University Press.

Lipman, M. (1996). Philosophical discussion plans and exercises. *Analytic Teaching*, 16:2, 64–77.

Lipman, M. (2003). *Thinking in education* An dara heagrán, Cambridge: Cambridge University Press.

Lipman, M. (2011). Philosophy for children: Some assumptions and implications. *Ethics in Progress*, 2:1, 3-16.

MacIntyre, A. (1988) *Whose Justice? Which Rationality?* Notre Dame: University of Notre Dame Press.

Murray, C. & Urban, M. (2012) *Diversity and Equality in Early Childhood: An Irish Perspective.* Baile Átha Cliath: Gill & Macmillan.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2007a). *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treo irlínte do Scoileanna*. Baile Átha Cliath: CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2007b). *Treoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí le Mi on-Mhíchumais Ghinearálta Foghlama*. Baile Átha Cliath: CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige.* Baile Átha Cliath: CNCM.

Noddings, N. (1999) *Justice and Caring: The Search for Common Ground in Education.* Nua-Eabhrac: Teachers College Press.

ODIHR. (2007). *Toledo Guiding Principles on Teaching about Religions and Beliefs in Public Schools.* Vársá: An Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine.

Parekh, B. (2005). *Rethinking Multiculturalism*. Londain: Palgrave Macmillan.

Roche, M. (2014). *Developing Children's Critical Thinking through Picture Books.* Londain: Routledge.

Vygotskiĭ, L. (1987). *The collected works of L.S. Vygotsky*. Nua-Eabhrac: Plenum Press.

Walker, E., Tabone, C., & Weltsek, G. (2011). When achievement data meet drama and arts integration. *Language Arts*, 88:5, 365-372.

Weisse, W. (2013). Dialogical 'Religious Education for All' in Hamburg. *Pedagogiek*, 2:1, 166-178.

**Curaclam i gcomhair na bPobalscoileanna Náisiúnta**

**Meán Fómhair 2018**

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

National Council for Curriculum and Assessment